Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €4.14 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, leis an eisceacht seo a leanas.

***Stoic agus sócmhainní caipitiúla***

Comhroinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7), an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11), Seirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (Vóta 39) stoic intomhalta TF. Déantar iad a leithdháileadh ar bhonn líonta na mball foirne sna Vótaí faoi seach.

Ar chúiseanna a bhaineann le héifeachtacht agus le háisiúlacht, déantar an caiteachas ar stoic stáiseanóireachta a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar an caiteachas ar stoic inchaite TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go meastar na stoic a bheith arna gcomhroinnt, áirítear iad sna nótaí um chostas oibríochta a ghabhann le cuntais Vóta 7, Vóta 11, Vóta 18 agus Vóta 39 leithdháilte iad ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach.

Toisc go roinntear formhór na sócmhainní caipitiúla, leithdháiltear úsáid de shócmhainní caipitiúla ar bhonn an líon foirne freisin. Suas le 31 Nollaig 2010, taifeadadh na sócmhainní caipitiúla uile ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann an clár sócmhainní láthair an aonaid ghnó ag baint úsáide as an sócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn Airgeadais agus iad siúd á n-aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar sócmhainní trealaimh TF a thaifeadadh anois ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus déantar troscán agus feistis agus sócmhainní trealamh oifige a thaifeadadh anois ar an gclár sócmhainní de chuid na Roinne Airgeadais. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. D'ainneoin an méid thuasluaite, cheannaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag amanna áirithe ó bunaíodh í, cheannaigh sí sócmhainní áirithe a bhí le haghaidh a húsáide eisiaí agus ní chionroinntear an dímheas i dtaca leo sin.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le socruithe rialaithe do sheirbhísí AD agus do sheirbhísí roinnte párolla a soláthraíodh don Roinn ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte, a bhfuil mé mar Oifigeach Cuntasaíochta acu sin chomh maith.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá Ráiteas an Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 11.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha a chinntiú. Chloígh an Roinn leis na treoirlínte arna leagan amach i mo thuarascáil bhliantúil maidir le Ciorclán 40/2002.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil, a faomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithnítear an fheidhm iniúchta inmheánaigh ó am go ham agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá gnáthaimh curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

9 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Iúil 2016

# Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí | 17,735 | 16,688 | 17,037 |
| B | Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí | 26,755 | 24,089 | 19,765 |
| | **Ollchaiteachas** | **44,490** | **40,777** | **36,802** |
| | *Asbhain* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **3,880** | **4,309** | **4,748** |
| | **Glanchaiteachas** | **40,610** | **36,468** | **32,054** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,142,320 | 3,844,458 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 20,875 | 18,679 | 17,597 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 223 | 204 | 181 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 836 | 770 | 652 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 329 | 289 | 233 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 640 | 800 | 713 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 339 | 550 | 359 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 50 | 23 | 49 |
| | | 23,292 | 21,315 | 19,784 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 19,462 | 17,018 |
| Pá | | 18,679 | 17,597 |
| Neamhphá | | 2,636 | 2,187 |
| **Ollchaiteachas** | | **40,777** | **36,802** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **4,309** | **4,748** |
| **Glanchaiteachas** | | **36,468** | **32,054** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (684) | | |
| Dímheas | 488 | | |
| | | (196) | (144) |
| **Athruithe i sócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid tirim | | — | (48) |
| | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (245) | (40) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **36,027** | **31,822** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,560 | 1,855 |
| Meas-chíosanna | | 2,658 | 1,891 |
| **Costas glan clár** | | **41,245** | **35,568** |

### 1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadas | m | 262 | 233 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 206 | 94 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 817 | 582 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | | 1,247 | 931 |
| Vóta 18 Seirbhísí Roinnte | m | 28 | 15 |
| | | **2,560** | **1,855** |

Tugann ‘m’ le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **1,783** | **1,423** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 1,185 | 303 |
| Stoic | 2.5 | 14 | 14 |
| Réamhíocaíochtaí | | 847 | 632 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 238 | 545 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,284** | **1,494** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 211 | 241 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 1,177 | 702 |
| Glan-Fhiachas don Státchiste | 2.8 | 246 | 146 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,634** | **1,089** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **650** | **405** |
| **Glansócmhainní** | | **2,433** | **1,828** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,433** | **1,828** |

| **2.1 Cuntas um Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 1,828 | 1,245 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 40,610 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (4,142) | | |
| Vóta glan | | | 36,468 | 32,054 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 2,560 | 1,855 |
| Míreanna neamhairgid – socmhainní caipitiúla[a] | | | 352 | 512 |
| Míreanna neamhairgid – dímheas[a] | | | (188) | (161) |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 2,658 | 1,891 |
| Costas glan clár | 1 | | (41,245) | (35,568) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,433** | **1,828** |

[a] Ag eascairt ón mbeartas leithdháilte le haghaidh sócmhainní a chomhroinn an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní hionann na figiúirí fála agus dímheasa sa chlár comhordaithe agus iad siúd a léirítear sa ráiteas ar chostas oibriúcháin.

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh TF | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2015 | 26,777 | 6 | 3 | 26,786 |
| Breiseanna | 837 | 199 | — | 1,036 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2015 | 27,614 | 205 | 3 | 27,822 |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2015 | 25,360 | 1 | 2 | 25,363 |
| Dímheas don bhliain | 656 | 20 | — | 676 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2015 | 26,016 | 21 | 2 | 26,039 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **1,598** | **184** | **1** | **1,783** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **1,417** | **5** | **1** | **1,423** |

| **2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt** | **Feidhmeanna ríomhaire inmheánacha** | |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | — | — |
| Íocaíochtaí airgid don bhliain | — | 48 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | — | (48) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ar 31 Nollaig | — | — |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 1,160 | 303 |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála | 25 | — |
| | 1,185 | 303 |

| **2.5 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 9 | 10 |
| Ábhair inchaite TF | 5 | 4 |
| | 14 | 14 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 3 | 13 |
| Óinchistí taistil | 153 | 111 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 22 | 9 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 60 | 412 |
| | 238 | 545 |

| **2.7 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 407 | 283 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 175 | 112 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 103 | 54 |
| Cáin Bhreisluacha | 64 | 28 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 68 | 43 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 2 | 2 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 123 | 85 |
| | 942 | 607 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 130 | 94 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 105 | 1 |
| | 1,177 | 702 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,142 | 3,844 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (3,896) | (3,698) |
| Glandliteanas don Státchiste | 246 | 146 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,185 | 303 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 238 | 545 |
| | 1,423 | 848 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (942) | (607) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (235) | (95) |
| | (1,177) | (702) |
| | | |
| | 246 | 146 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 478 | 168 |

| **2.10 Dliteanais Aibithe** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 24 | 4 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 7,328 | 7,168 | 7,036 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 909 | 989 | 793 |
| A.3 | Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta | 2,575 | 2,847 | 2,600 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,410 | 952 | 847 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 880 | 843 | 814 |
| A.6 | Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 2,500 | 1,873 | 2,832 |
| A.7 | Comhlacht Cláir AE Speisialta | 1,164 | 1,249 | 1,075 |
| A.8 | INTERREG trasnáisiúnta agus na hÉireann/na Breataine Bige | 769 | 767 | 418 |
| A.9 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 50 | — | 613 |
| A.10 | Oifig an Rialálaí an Chrannchuir Naisiúnta | 150 | — | 9 |
| | | 17,735 | 16,688 | 17,037 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta | (272) | Tagann an róchaitheamh ar an ITES ó easnaimh in airgead tirim pinsean nach mór don Vóta seo a íoc faoi reachtaíocht FEMPI. |
| Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 458 | Tagann an difríocht as moill ar an tionscadal TF r-chomhtháthaithe. Leis an tionscadal seo beifear ábalta faisnéis a mhalartú go leictreonach idir tairbhithe mhaoiniú an AE agus na húdaráis atá bainteach le cur i bhfeidhm chláir chómhaoinithe an AE. |
| Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 627 | Bhí an tús le caitheamh do chláir 2014-2020 níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, agus bhí tearc-chaitheamh mar thoradh air sin. |
| Oifig an Rialálaí an Chrannchuir Naisiúnta | 150 | Soláthraíodh an leithdháileadh €150,000 d'Oifig Rialtóir an Chrannchuir Náisiúnta chun cuidiú leis an Oifig a bhunú. Ní raibh gá leis sin, toisc go raibh an Oifig feidhmiúil agus féinmhaoinithe i dtús 2015. |

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 13,547 | 11,511 | 10,561 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,508 | 1,647 | 1,393 |
| B.3 | An Foras Riaracháin | 2,725 | 2,881 | 2,750 |
| B.4 | Gnáthamh eadrána agus achomhairc na státseirbhíse | 40 | 39 | 27 |
| B.5 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 450 | 248 | 102 |
| B.6 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 4,456 | 4,415 | 2,834 |
| B.7 | Clár oibre athchóirithe | 2,423 | 1,794 | 711 |
| B.8 | Seirbhís Chomhroinnte Oifigigh Chúnaimh d'Fhostaithe | 1,307 | 1,277 | 1,268 |
| B.9 | Clár um athchóiriú an dlí reachtúil | 299 | 277 | 119 |
| | | 26,755 | 24,089 | 19,765 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €2.6 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 2,036 | Tá pá an bhuiséid riaracháin faoi phróifíl toisc go raibh earcaíocht ar bun ar luas níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, go háirithe in Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais agus san Oifigeach Athchóirithe agus Seachadta. Bhí an róchaitheamh mar thoradh ar líon suntasach pinsinéirí agus daoine a d'fhág chomh maith. |
| An Foras Riaracháin | (156) | Tagann an róchaitheamh ar an FR ó easnaimh in airgead tirim pinsean nach mór don Vóta seo a íoc faoi reachtaíocht FEMPI. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 202 | Tagann an difear maidir le soláthar costas dlíthiúil. Bhí comhuainiú chinneadh na cúirte níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis agus níor glanadh na costais deiridh fós. |
| Clár um athchóiriú an dlí reachtúil | 629 | Chuir roinnt fachtóirí leis an difríocht seo: rinneadh coigiltis trí tharraingt anuas as na conarthaí sainchomhairleoireachta reatha atá i bhfeidhm san Oifig Athchóirithe agus Seachadta; i roinnt cásanna, ghlac ranna eile costais a rabhthas ag súil leis an Oifig Athchóirithe agus Seachadta iad a íoc ar dtús; ní dheachthas chun cinn le roinnt tionscadal chomh gasta is a bhíothas ag súil leis; níor theastaigh leithdháileadh le haghaidh tacaíocht tionscadail seirbhísí comhroinnte. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | **2015** | | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Cláir an AE | 1,700 | 2,165 | 2,336 |
| 2. | Farasbairr um shreabhadh airgid | 210 | 80 | 252 |
| 3. | Ilghnéitheach | 20 | 63 | 97 |
| 4. | Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 1,950 | 2,001 | 2,063 |
| | **Iomlán** | **3,880** | **4,309** | **4,748** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná an tsuim mheasta €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Cláir an AE | (465) | Bhí na fáltais a fuarthas le linn 2015 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leo, toisc go bhfuarthas roinnt aisíocaíochtaí ó Choimisiún an AE a bhí beartaithe lena n-íoc i 2016 ar dtús. |
| Farasbairr um shreabhadh airgid | 130 | Scoireadh de bharrachas sreabhadh airgid pinsean maidir le ITES agus FR le linn na bliana a raibh fáltais níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo mar thoradh air. |

| **4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltas a aisghabhadh i dtaca le hiasacht foirne sa bhliain roimhe | — | 46 |
| Cuntas fionraí nach bhfuil in úsáid go fóill a dhúnadh | — | 32 |
| Aisrithe chuig an Státchiste | — | (78) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | — | — |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 313 | 314 |

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá[a] | 20,398 | 19,372 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 239 | 204 |
| Iomarcaíocht | — | 6 |
| Liúntais eile | 47 | 53 |
| Ragobair | 40 | 47 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,077 | 1,003 |
| **Pá iomlán** | **21,801** | **20,685** |

[a] Tá pá iniatach san fhigiúr pá iomlán i dteidil A.1, A.4, A.6, A.7, B.1, B.7. agus B.8.

Ní áirítear foireann ghníomhaireachta leis na líonta foirne, ach is ionann an figiúr pá agus an pá go léir a thabhaigh an Roinn.

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2015 | 2014 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 32 | 7 | 34,209 | 19,869 |
| Liúntais eile | 16 | 1 | 10,505 | 8,011 |
| Ragobair | 19 | 1 | 10,372 | 11,071 |
| Líon daoine aonair áirithe a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 4 | 3 | 14,421 | 13,975 |

### 5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de chuid €144,867 (2014: €149,157) i dtaca le beirt oifigeach a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2015 nó don bhliain ar fad agus a d'íoc an Roinn tuarastal ina leith.

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe PCW 1% an AHCPS, fuair 20 oifigeach (2014: 25) €44,296 (2014: €42,693) san iomlán i dtaca le PCW/liúntais sinsearachta.

Áirítear ar an bhfigiúr pá €9,000 a íocadh le múinteoir a bhí fostaithe ar bhonn foirmiúil mar mhúinteoir teanga laistigh den Státseirbhís. Bhí an íocaíocht mar thoradh ar bhreithniú i bhfabhar éilimh ar chaillteanas tuillimh a thionscain an duine aonair sin i ndiaidh an laghdaithe i soláthar na seirbhísí teanga do státseirbhísigh in 2008 agus aistarraingt fhoirmiúil na seirbhísí sin i ndiaidh na bliana teagaisc 2011-12.

### 5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla

Ba ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €27,495 (17 gcás) (2014: €4,450). As é sin tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm maidir le €1,085 (4 chás).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú an AE

Áiríonn an toradh atá léirithe i Theideal A.4, A.5 agus A.6 íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE.

| Teideal | Cur Síos | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 1,200 | 720 | 636 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 880 | 843 | 814 |
| A.6 | Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 2,500 | 1,873 | 2,832 |
| | | 4,580 | 3,436 | 4,282 |

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Bord Eadrána na Státseirbhíse | 1950/51 | 22 | 10 |

### 6.3 Ús ar Íocaíochtaí Déanacha

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis | 8 | 18 |

### 6.4 Dliteanais Theagmhasacha

Tá breithiúnas faighte ag an Roinn i dtaca le cás dlíthiúil leanúnach. Dámhadh costais i gcoinne na Roinne, ach tá an tsuim le cinneadh fós. A luaithe is a bheidh an figiúr dearbhaithe, beidh an tsuim sin le híoc ag an Roinn.

### 6.5 Calaois Amhrasta

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Mí-leithghabháil líomhnaithe airgid | 181 | — |

Thug Comhlacht Clár Speisialta AE (SEUPB) comhairle don Roinn in 2014 go raibh riosca ag baint le cistí a íocadh le Tionscadal PEACE III a baineadh as an gClár PEACE III ina dhiaidh sin i ngeall ar mírialtachtaí agus calaois amhrasta. Chuir an Roinn maoiniú €181,438 ar fáil don tionscadal in 2010. Chuir SEUPB stop leis an maoiniú chomh luath agus a tháinig an cheist um mírialtacht/calaois chun cinn. Choimisiúnaigh SEUPB iniúchadh fóiréinseach agus chuir siad an cás ar aghaidh ina dhiaidh sin chuig Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann a bhfuil na himscrúduithe ina leith ar siúl fós. Rinneadh na bearta riachtanacha ar fad chun airgead a fhorchúiteamh ach tá sé glactha ag SEUPB anois nach bhfuil seans ar bith ann an t-airgead a fháil ar ais agus níl bealach ar bith ann do chaingean dlí toisc go bhfuil an phríomhchuideachta chomhpháirtíochta díscaoilte.

**6.6 Socraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim**

I dtabhairt chun críche iniúchta a rinne na Coimisinéirí Ioncaim, rinne an Roinn íocaíocht socraíochta €27,801 leis na Coimisinéirí i mí an Mheithimh 2015. Cumhdaíonn an tsocraíocht sin an tréimhse 2012 go 2014 agus baineann sé le ceisteanna um dhliteanas cánach fostóra ó dhá chonradh maidir le Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil.

# 7 An Ciste Teagmhais

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 1,200 | 1,200 |

Is ionann an Ciste Teagmhais agus ciste neamhreachtúil arna bhunú trí dheontas i gcabhair a vótáladh in 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag an ngnáth-Vótaí, agus a d'fhéadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann ina leith, m.sh. le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí (Ailt C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú ar mhéid an Chiste gach cúig bliana. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh in 2014, cinneadh gur cheart an ciste a choinneáil ag a leibhéal reatha.